Dé Máirt 17. Eanáir 2023

P9_TA(2023)0002

Coinbhinsiún maidir le Cibearchoireacht: An Dara Prótacal Breise i ndáil le comhar feabhsaithe agus nochtadh fianaise leictreonaí

Rún reachtach ó Pharlaimint na hEorpa an 17 Eanáir 2023 ar an dréachtchinneadh ón gComhairle lena n-údaraítear do na Ballstáit an Dara Prótacal Breise i ndáil le comhar feabhsaithe agus nochtadh fianaise leictreonaí a dhaingniú chun leas an Aontais Eorpaigh, Prótacal a ghabhann leis an gCoinbhinsiún maidir le Cibearchoireacht (06438/2022 – C9-0146/2022 – 2021/0383(NLE))

(Toiliú)

(2023/C 214/17)

Tá Parlaimint na hEorpa,

— ag féachaint don dréachtchinneadh ón gComhairle (06438/2022),

— ag féachaint don dréacht den Dara Prótacal Breise a ghabhann leis an gCoinbhinsiún maidir le Cibearchoireacht a dhaingniú, Prótacal i ndáil le comhar feabhsaithe agus nochtadh fianaise leictreonaí (14898/2021),

— ag féachaint don iarraidh ar thoiliú a thíolaic an Chomhairle i gcomhréir le hAirteagal 16, Airteagal 82(1) agus Airteagal 218(6), an dara fomhír, pointe (a)(v), den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (C9-0146/2022),

— ag féachaint do Riail 105(1) agus (4) agus Riail 114(7) dá Rialacha Nós Imeachta,

— ag féachaint don mholadh ón gCoiste um Shaoirsí Sibhialta, um Cheartas agus um Ghnóthaí Baile (A9-0002/2023),

1. Ag tabhairt a toilithe don dréachtchinneadh ón gComhairle;

2. á threorú dá hUachtarán a seasamh a chur ar aghaidh chuig an gComhairle, chuig an gCoimisiún agus chuig rialtais agus parlaimintí na mBallstát agus chuig Comhairle na hEorpa.